Teilifís

Teilifís RTÉ

I 2006, ba ar Theilifís RTÉ a craoladh 9 gclár as na deich gclár ba mhó a raibh lucht éisteachta acu in Éirinn, agus bhí 45% den sciar náisiúnta buaic-ama ag Teilifís RTÉ.

(Foinse: AGB Nielsen Media Research, Náisiúnta, Gach duine aonair Aois 4+.)

Na 10 gclár teilifíse ba Mhó a raibh lucht éisteachta acu in Éirinn, 2006

Na 10 gClár ba mhó a raibh lucht éisteachta acu ar Gach Cainéal i 2006

Uimh.	Ainm an Chláir	Cainéal	Lá	Dáta	Am	Achar	TVR	000s	Sciar
1	The Late Late Toy Show	RTÉ One	Aoine	01-12	21:35 - 23:45	131	29	1122	70.4
2	RTÉ News: Nine O'Clock	RTÉ One	Domhnach	26-02	21:00 - 21:18	19	22.3	854	55.3
3	You're A Star: Results	RTÉ One	Domhnach	05-03	21:25 - 21:54	30	21.2	810	50.4
4	Killinaskully: A Christmas Concert	RTÉ One	Luan	25-12	21:41 - 22:09	29	20.7	799	48.6
5	Cluiche Ceannais Iománaíochta hÉireann: Cill Chainnigh v Corcaigh	RTÉ Two	Domhnach	03-09	15:27 - 17:31	125	20	774	70.4
6	Comórtas Amhránaíochta Eoraifíse	RTÉ One	Satharn	20-05	20:00 - 23:02	183	19.9	762	58.3
7	Coronation Street	TV3	Luan	25-12	20:00 - 20:56	57	19.4	750	45.3
8	Rós Thrá Lí 2006	RTÉ One	Máirt	22-08	21:33 - 23:15	103	18.5	707	51.6
9	Cluiche Ceannais Peile na hÉireann: Ciarraí v Maigh Eo	RTÉ Two	Domhnach	17-09	15:18 - 17:31	134	18.3	709	67.5
10	Stardust	RTÉ One	Domhnach	12-02	21:35 - 22:31	57	17.7	678	46.2

Aon Lá Aon Am – An Eipeasóid is Fearr; Íosachar 15 nóiméad; lena n-áirítear An Nuacht
Foinse: AGB Nielsen Media Research, Náisiúnta, Gach Duine Aonair Aois 4+.

Teilifís RTÉ

RTÉ One

Is é RTÉ One bunsraith Sheirbhís Phoiblí na hÉireann do chlúdach údarásach teilifíse nuachta agus cúrsaí reatha le scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta, mar aon le raon cuimsitheach de chláir fhíorasacha, siamsaíochta, drámaíochta agus stíl mhaireachtála, agus cuirtear ábhar eile ar leith i láthair chun freastal ar lucht éisteachta leathan.

RTÉ Two

Is cainéal ilchineálach é RTÉ Two atá deartha le bheith tarraingteach do lucht éisteachta nideoige feadh an sceidil. Is in RTÉ Two a bhíonn *The Den* do lucht éisteachta níos óige i rith an lae agus do RTÉ Spóirt i rith an lae, díríonn an cainéal ar chur chuige níos óige mar aon le drámaíocht nuálach, siamsaíocht agus príomhghnóthachtálacha.

An IPU

Bhunaigh RTÉ an IPU i 1993 mar fhreagra ar riachtanais a leagadh síos san *Acht um Údarás Craolacháin (Leasú), 1993*. Chuidigh an IPU chun cur le héagsúlacht i ndéanamh clár in Éirinn agus cothaíodh foinsí nua cruthaitheachta laistigh den earnáil léirithe teilifíse neamhspleách. Sa lá atá inniu ann, is cuid lárnach de Theilifís RTÉ iad coimisiúin neamhspleácha agus coimisiúnítear na céadta uair a chloig de chláir a léirítear go neamhspleách gach bliain.

Fotheidealú

Cuireann Teilifís RTÉ seirbhís fhotheidealaithe ar fáil do lucht éisteachta na hÉireann freisin, go háirithe dóibh sin a mbíonn deacrachtaí éisteachta acu. I rith buaic-ama, 6.30pm go 11.30pm, cuireann RTÉ fotheidil ar suas le 90% de na cláir ar RTÉ One agus suas le 25% de na cláir ar RTÉ Two. Is féidir teacht ar na fotheidil ar Leathanach Aertel RTÉ 888.

Sruthú Ar Líne

Tá RTÉ.ie ag cur leis an líon uaire cláir theilifíse go seasta. Áirítear ar na buaicphointí sruthaithe beo aonuaire i 2006 sochraid Charles J. Haughey, athimirt Chluiche Ceannais na Mumhan an CLG agus 48ú Féile Rós Thrá Lí. Ní raibh formhór na gclár a sruthaíodh le feiceáil ar aon chraoladh leathanbhanda eile agus ní raibh siad ar fáil ar an teilifís.